Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023
(OR. en)

16284/23
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0437(COD)**

TRANS 563
CODEC 2361

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 753 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas |

Delegations will find attached document COM(2023) 753 final – ANNEXES 1 to 4.

Encl.: COM(2023) 753 final – ANNEXES 1 to 4

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.11.2023
COM(2023) 753 final

ANNEXES 1 to 4

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le Togra le haghaidh**

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas**

## IARSCRÍBHINN I

*IARSCRÍBHINN 2*

## ÍOSCHAIGHDEÁIN CÁILÍOCHTA SEIRBHÍSE

Faisnéis le haghaidh paisinéirí maidir lena gcearta mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo (ar bhealach trédhearcach, inrochtana, neamh- idirdhealaitheach, éifeachtach agus comhréireach), agus ticéid

Poncúlacht eitiltí, agus prionsabail ghinearálta chun déileáil le suaití eitiltí

Moilleanna

(a) meánmhoill fhoriomlán ar eitiltí;

(b) céatadán na moilleanna a cruthaíodh de dheasca:

– imthosca urghnácha;

– locht ar thaobh an phaisinéara; nó

– iompraíocht tríú páirtí.

(c) céatadán na n- eitiltí ar ar cuireadh moill tráth imeachta:

– ar feadh 2 uair an chloig nó níos faide i gcás eitiltí 1 500 ciliméadar nó níos faide;

– ar feadh 3 uair an chloig nó níos faide i gcás na n- eitiltí uile laistigh den Chomhphobal is faide ná 1 500 ciliméadar agus i gcás na n- eitiltí uile eile idir 1 500 agus 3 500 ciliméadar;

– ar feadh 4 uair an chloig nó níos faide i gcás na n- eitiltí uile.

(d) céatadán na n- eitiltí ar ar cuireadh moill tráth teachta:

– céatadán na moilleanna a bhí níos faide ná 3 uair an chloig (5 uair an chloig).

Cealuithe eitiltí

(a) cealú eitiltí;

(b) céatadán na n- eitilt a cealaíodh de dheasca:

– imthosca urghnácha;

– locht ar thaobh an phaisinéara; nó

– iompraíocht tríú páirtí.

Glaineacht an mhodha iompair paisinéirí agus na saoráidí críochfoirt (cáilíocht an aeir agus rialú teochta laistigh, sláinteachas saoráidí sláintíochta, etc.)

Comhlíonadh caighdeán tionscail maidir le meáchan agus toisí bagáiste láimhe

Torthaí an tsuirbhé nó na suirbhéanna maidir le sástacht na gcustaiméirí

Láimhseáil gearán

(a) an líon gearán;

(b) cineálacha gearán;

(c) toradh na ngearán;

(d) aisíocaíochtaí; agus

(e) cúiteamh as neamhchomhlíonadh caighdeán cáilíochta seirbhíse.

**IARSCRÍBHINN II**

*IARSCRÍBHINN III*

**ÍOSCHAIGHDEÁIN CÁILÍOCHTA SEIRBHÍSE**

Faisnéis le haghaidh paisinéirí maidir lena gcearta mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo (ar bhealach trédhearcach, inrochtana, neamh- idirdhealaitheach, éifeachtach agus comhréireach).

Torthaí an tsuirbhé nó na suirbhéanna maidir le sástacht na gcustaiméirí lena ndírítear ar eispéiris daoine faoi mhíchumais agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus na ndaoine a thionlacann iad

Láimhseáil gearán

(a) an líon gearán;

(b) cineálacha gearán;

(c) toradh na ngearán; agus

(d) cúiteamh as caillteanas nó damáiste trealaimh soghluaisteachta.

Cúnamh a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (PRM)

(a) an líon seirbhísí iompair a séanadh le haghaidh PRM, agus an chúis leis sin;

(b) an líon seirbhísí iompair a séanadh le haghaidh a madra chuidithe aitheanta nó a dtrealaimh soghluaisteachta agus na cúiseanna leis sin;

(c) an líon cásanna a bhaineann le caillteanas nó damáistí trealaimh soghluaisteachta agus a dtoradh;

(d) an líon cásanna inar chuir an t- iompróir d'oibleagáid ar dhuine faoi mhíchumas nó a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a áirithiú go mbeidh duine á thionlacan chun na ceanglais sábháilteachta a chomhlíonadh;

(e) pléití maidir leis an gcúnamh sin le heagraíochtaí ionadaíocha agus, i gcás inarb ábhartha, ionadaithe PRM;

(f) cur chun feidhme na hoiliúna maidir le feasacht ar mhíchumas agus cúnamh lena aghaidh.

## IARSCRÍBHINN III

*IARSCRÍBHINN V*

## ÍOSCHAIGHDEÁIN CÁILÍOCHTA SEIRBHÍSE

Faisnéis le haghaidh paisinéirí maidir lena gcearta mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo (ar bhealach trédhearcach, inrochtana, neamh- idirdhealaitheach, éifeachtach agus comhréireach), agus ticéid

Poncúlacht seirbhísí, agus prionsabail ghinearálta chun déileáil le suaití seirbhísí

Moilleanna

(a) meánmhoill fhoriomlán ar sheirbhísí;

(b) céatadán na moilleanna a cruthaíodh de dheasca:

- locht ar thaobh an phaisinéara;
- dálaí aimsire lena gcuirtear oibriú sábháilte na loinge i mbaol; nó
- imthosca urghnácha lena gcuirtear bac ar fheidhmíocht na seirbhíse do phaisinéirí.

(c) céatadán na seirbhísí ar ar cuireadh moill tráth imeachta;

- céatadán na moilleanna a bhí níos gairide ná 90 nóiméad;
- céatadán na moilleanna a bhí níos faide ná 90 nóiméad.

(d) céatadán na seirbhísí ar ar cuireadh moill tráth teachta:

- céatadán na moilleanna a bhí níos gairide ná 1 uair an chloig;
- céatadán na moilleanna a mhair 1 uair an chloig ar a laghad i gcás turas sceidealaithe suas le 4 uair an chloig;
- céatadán na moilleanna a mhair 2 uair an chloig ar a laghad i gcás turas sceidealaithe is faide ná 4 uair an chloig, ach nach faide ná 8 uair an chloig;
- céatadán na moilleanna a mhair 3 uair an chloig ar a laghad i gcás turas sceidealaithe is faide ná 8 uair an chloig, ach nach faide ná 24 uair an chloig;
- céatadán na moilleanna a mhair 6 uair an chloig ar a laghad i gcás turas sceidealaithe is faide ná 24 uair an chloig.

Cealuithe seirbhísí

(a) cealuithe seirbhísí;

(b) céatadán chealuithe na seirbhísí a rinneadh de dheasca:

- locht ar thaobh an phaisinéara;
- dálaí aimsire lena gcuirtear oibriú sábháilte na loinge i mbaol; nó
- imthosca urghnácha lena gcuirtear bac ar fheidhmíocht na seirbhíse do phaisinéirí;

Glaineacht an mhodha iompair paisinéirí agus na saoráidí críochfoirt (cáilíocht an aeir agus rialú teochta laistigh, sláinteachas saoráidí sláintíochta, etc.)

Torthaí an tsuirbhé nó na suirbhéanna maidir le sástacht na gcustaiméirí

Láimhseáil gearán

(a) an líon gearán;

(b) cineálacha gearán;

(c) toradh na ngearán;

(d) aisíocaíochtaí; agus

(e) cúiteamh as neamhchomhlíonadh caighdeán cáilíochta seirbhíse.

Cúnamh a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (PRM)

(a) an líon seirbhísí iompair a séanadh le haghaidh PRM, agus an chúis leis sin;

(b) an líon seirbhísí iompair a séanadh le haghaidh a madra chuidithe aitheanta nó a dtrealaimh soghluaisteachta agus na cúiseanna leis sin;

(c) an líon cásanna a bhaineann le caillteanas nó damáistí trealaimh soghluaisteachta agus a dtoradh;

(d) an líon cásanna inar chuir an t- iompróir d'oibleagáid ar dhuine faoi mhíchumas nó a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a áirithiú go mbeidh duine á thionlacan chun na ceanglais sábháilteachta a chomhlíonadh;

(e) pléití maidir leis an gcúnamh sin le heagraíochtaí ionadaíocha agus, i gcás inarb ábhartha, ionadaithe PRM;

(f) cur chun feidhme na hoiliúna maidir le feasacht ar mhíchumas agus cúnamh lena aghaidh.

**IARSCRÍBHINN IV**

*IARSCRÍBHINN III*

**ÍOSCHAIGHDEÁIN CÁILÍOCHTA SEIRBHÍSE**

Faisnéis le haghaidh paisinéirí maidir lena gcearta mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo (ar bhealach trédhearcach, inrochtana, neamh- idirdhealaitheach, éifeachtach agus comhréireach), agus ticéid

Poncúlacht seirbhísí tráthrialta, agus prionsabail ghinearálta chun déileáil le suaití seirbhísí tráthrialta

Moilleanna

(a) meánmhoill fhoriomlán ar sheirbhísí tráthrialta;

(b) céatadán na moilleanna a cruthaíodh de dheasca:

– drochdhálaí aimsire nó mórthubaistí nádúrtha lena gcuirtear oibriú sábháilte seirbhísí bus agus cóiste i mbaol;

– an bus nó an cóiste ag teacht chun bheith do- oibrithe le linn an turais.

(c) céatadán na seirbhísí tráthrialta ar ar cuireadh moill tráth imeachta:

– céatadán na moilleanna a mhair 120 nóiméad nó níos gairide;

– céatadán na moilleanna a mhair níos faide ná 120 nóiméad.

Cealuithe seirbhísí tráthrialta

(a) céatadán chealuithe na seirbhísí tráthrialta;

(b) céatadán chealuithe na seirbhísí tráthrialta a rinneadh de dheasca:

– drochdhálaí aimsire nó mórthubaistí nádúrtha lena gcuirtear oibriú sábháilte seirbhísí bus agus cóiste i mbaol;

– an bus nó an cóiste ag teacht chun bheith do- oibrithe le linn an turais.

Glaineacht na mbusanna agus na gcóistí (aerchóiriú, sláinteachas saoráidí sláintíochta más infhaighte, etc.) agus na saoráidí críochfoirt (cáilíocht an aeir agus rialú teochta laistigh, sláinteachas saoráidí sláintíochta, etc.)

Torthaí an tsuirbhé nó na suirbhéanna maidir le sástacht na gcustaiméirí

Láimhseáil gearán

(a) an líon gearán;

(b) cineálacha gearán;

(c) toradh na ngearán;

(d) aisíocaíochtaí; agus

(e) cúiteamh as neamhchomhlíonadh caighdeán cáilíochta seirbhíse.

Cúnamh a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (PRM)

(a) an líon seirbhísí iompair a séanadh le haghaidh PRM, agus an chúis leis sin;

(b) an líon seirbhísí iompair a séanadh le haghaidh a madra chuidithe aitheanta nó a dtrealaimh soghluaisteachta agus na cúiseanna leis sin;

(c) an líon cásanna a bhaineann le caillteanas nó damáistí trealaimh soghluaisteachta agus a dtoradh;

(d) an líon cásanna inar chuir an t- iompróir d'oibleagáid ar dhuine faoi mhíchumas nó a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a áirithiú go mbeidh duine á thionlacan chun na ceanglais sábháilteachta a chomhlíonadh;

(e) pléití maidir leis an gcúnamh sin le heagraíochtaí ionadaíocha agus, i gcás inarb ábhartha, ionadaithe PRM;

(f) cur chun feidhme na hoiliúna maidir le feasacht ar mhíchumas agus cúnamh lena aghaidh.